DO SHIÚLAIGH MISE AN MHUMHAN MHÍN

AOGÁN Ó RATHAILLE

Foilsithe ag an gCartlann

Do shiúlaigh mise an Mhumhain mhín
’s ó chúinne an Doire go Dún na Rí;
mo chumha níor briseadh cé’r shúgach sinn
go feicsint brugh Thaidhg an Dúna.

Do mheasas im aigne ’s fós im chroí
an marbh ba mharbh gur beo do bhí,
ag carabhas macra, feoil is fíon,
punch dá chaitheamh is branda.

Feoil de bhearaibh is éanlaith ón dtoinn,
ceolta ’s cantain is craos na dí,
rósta blasta ’s céir gan teimheal,
conairt is gadhair is amhastrach.

Drong ag imeacht is drong ag tíocht
is drong ag reacaireacht dúinn go binn,
drong ar spallmaibh úra ag guí
’s ag leagadh na bhFlaitheas go ceansa.

Nó go bhfuaras sanas ó aon de chúirt
gurb é Warner ceannasach séimh glan subhach
do bhá sa mbaile gheal aosta chlúil,
flaith nárbh fhann roimh dheoraí.

’S é Dia do chruthaigh an saoghal slán
’s tug fial in ionad an fhéil fuair bás,
ag riar ar mhuirear, ar chléir, ar dháimh,
curadh nach falsa mórchroí.